# NUACHTLITIR ÉICEA-SCOILEANNA

Meán Fómhair 2015

**San eagrán seo:**


- Dúshlán Taistil Translink
- Comórtas Póstaeir Trócaire 'Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan'
- Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna- *Live Here Love Here*
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht Scoileanna: Lismore Comprehensive ag nascadh Éicea-Scoileanna le roghnú STEM
- Nuacht Comhpháirtithe: Comórtais agus Cnuasghrúpaí
- Nuacht eile
- Nuacht Fundúireachta: Feachtas *Litter Less* Wrigley's


## Dúshlán Taistil Translink

Tugaimid cuireadh do scoileanna ar fud Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i nDúshlán Taistil Translink agus Éicea-Scoileanna i mbliana chun daltaí agus tuismitheoirí a spreagadh le 'céimeanna cliste' a ghlacadh i dtreo iompar inbhuanaithe. Is féidir an dúshlán 2 sheachtain a chríochnú am ar bith i rith na bliana a oireann do do scoil suas a fhad leis an spriocdháta druidte 23ú Bealtaine 2016.

Tá tacar iomlán d'áiseanna tionscadail agus teagaisc d'EC1-EC3 ar fáil. Is deis iontach é an Dúshlán le díriú ar thopaic an taistil agus le bheith ag oibri i dtreo ghradam Éicea-Scoileanna. Lena chois sin, tá sé spraúil sláintiúil sóisialta agus d'fhéadfadh sé an brú tráchta thart ar gheataí do scoile ag amanna bailithe agus fágála a laghdú.

Is iomaí duais bhreá atá le baint ag na ranganna agus na ag na daltaí is mó a dhéanann athruithe i dtreo taisteal inbhuanaithe.

Sa chatagóir nua duaiseanna Tionscadal #Corraitheoirí cliste, iarrtar ar do scoil eolas a chur isteach ar an bhealach chliste ar thug sibh faoi thopaic an taistil. Beidh na scoileanna uilig a sheolann isteach torthaí nó tionscadail páirteach i gcrannchur saor in aisce chun turas go Baile Átha Cliath a bhaint, a bhuíochas d'Ulsterbus agus beidh cuireadh orthu chuig an ócáid cheiliúrtha deiridh sa Stáisiún Lárnach, Béal Feirste, i Mí an Mheithimh.

Anuraidh, d'éirigh le níos mó ná 30 scoil, ina measc 84 rang agus chóir a bheith 1200 dalta, an dúshlán a chríochnú, dúshlán a thugann deis do thuismitheoirí agus do dhaltaí a gcuid féin a dhéanamh de na tairbhí a bhaineann le taisteal gníomhach. San iomlán, rinne siad níos mó ná 12,500 turas inbhuanaithe chuig an scoil agus abhaile. Ba bhreá linn tógáil ar na torthaí sin agus tuilleadh rannpháirtithe a mhealladh i mbliana.

*"Glacann níos mó agus níos mó scoileanna áitiúla páirt sa tionscnamh seo mar bhealach nuálaíoch chun na tairbhí comhshaoil, sábháilteachta, sláinte agus costais a thagann le bealaí níos gníomhaí taistil a léiriú. Léiríonn taighde neamhspleách fosta go mbíonn ICM i bhfad níos ísle ag daoine a úsáideann iompar inbhuanaithe don turas chuig an obair agus abhaile agus go mbíonn siad níos sona ná iad siúd a roghnaíonn iompar príobháideach". Ursula Kelleher, Translink.*

Chun tuilleadh eolais ar Dhúshlán Taistil Translink a fháil, tabhair cuairt ar www.translink.co.uk/ecoschools Nó gabh i dteagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org chun clárú.




*Glacann scoláirí ag Lagan College 'céimeanna cliste' le Dúshlán Taistil Translink*

## Bain dealbh den scoth i gComórtas Póstaeir Thrócaire agus Éicea-Scoileanna 'Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan'

Is é 'Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan' topaic an chomórtais póstaeir le Trócaire agus Éicea-Scoileanna i mbliana agus iarrtar ar dhaltaí bunscoile smaoineamh faoin dóigh a dtig leo a ngnáthamh laethúil a fheabhsú chun a lorg coise carbóin agus a thionchar sin a laghdú ar thíortha ar fud an domhain atá thíos cheana féin le drochthionchair Téamh Domhanda agus Athrú Aeráide.



Molann an comórtas naisc chuig acmhainní úsáideacha teagaisc le tabhairt faoin topaic. Baineann sé leis an topaic Éicea-Scoileanna 'Peirspictíocht Dhomhanda', a shuíonn go deas le cuid mhaith de thopaicí Éicea-Scoileanna agus cuideoidh sé leat bheith ag oibriú i dtreo ghradaim Éicea-Scoileanna.



Bronnfar an dealbh uathúil shaindeartha "Ar Scáth A Chéile A Thógaimid Domhan Níos Fearr" ar an scoil bhuacach, dealbh a chruthaigh an t-ealaíontóir áitiúil, Gloria Perry, agus daltaí ag Imeacht Ceiliúrtha Chomóradh 20 Bliain Éicea-Scoileanna.

Dáta druidte an chomórtais. **Dé hAoine 16 Deireadh Fómhair 2015**

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iontrála ar fáil ón suíomh gréasáin nó déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org le haghaidh tuilleadh sonraí.

## Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna 2-6 Samh 2015 - *Live Here Love Here*

Is tionscnamh ar Chlár Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna de chuid na Fondúireachta um Oideachas Timpeallachta (FOT) é *Laethanta Domhanda Gníomhaíochta,* a reáchtáiltear uair sa bhliain, agus tá sé mar sprioc aige a chur ar chumas daltaí ar fud na cruinne an t-athrú a dhéanamh atá de dhíth ar ár ndomhan inbhuanaithe trí pháirt a ghlacadh i bhfoghlaim ghníomhach shultmhar.

I mbliana, tá Éicea-Scoileanna TÉ ag dul i bpáirt le Feachtas Live Here Love Here de chuid Keep Northern Ireland Beautiful, le gach duine a spreagadh le grá a thabhairt don áit seo is baile dúinn, trí bheith páirteach i Lá Gníomhaíochta timpeallachta.

Cuirtear cuireadh ar scoileanna imeacht a chlárú agus ceann amháin acu seo a leanas, nó iad uilig, a dhéanamh:

- **Glanadh** - cuir slacht ar thailte na scoile nó cúinne cáidheach áitiúil trí imeacht bailithe bruscair a eagrú.
- **Glasú** - cuir dóigh ar phlota a d'éirigh fiáin trí lustan a bhaint agus síolta a chur.
- **Gléasadh** - tagaigí i gceann a chéile le tabhairt faoin ghraifítí agus faoi loitiméireacht trí bheagán péinte a chaitheamh thart agus coirnéal gruama a athbheochan.

Déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org le clárú le haghaidh tuilleadh eolais agus uirlisí úsáide a chuideoidh le do lá.

*"Iarraimid ar gach duine a gcuid dílseachta a ghealladh inniu trí athrú deimhneach amháin a dhéanamh le daoine ar fud Thuaisceart Éireann a spreagadh lena thaispeáint gur bréa leo an áit a gcónaonn siad agus le cuidiú i measc a bpobail áitiúil."*

*- Dr. Ian Humphreys, PF Keep Northern*

**Fíric: Bíonn TÉ thíos le bille £40m le haghaidh glantóireacht sráide**




LIVE HERE LOVE HERE

*Beimid ag dul i bpáirt le Live Here Love Here le haghaidh **Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna i mbliana***

## Feachtas na nGráinneog

Mar chuid de Thionscnamh Seaimpíní Nua-Speicis NIEL, iarrann an tAire Comhshaoil, Mark H Durkan, ar na scoileanna uilig cuidiú leis na gráinneoga dúchais. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil go bhfuil níos lú ná milliún gráinneog fágtha sa lá atá inniu ann. Seo a leanas roinnt de na bagairtí is mó ar ghráinneoga:

- cailliúint gnáthóige, go háirithe baint na bhfálta sceiche le 30 bliain anuas
- úsáid ceimiceán sna gairdíní agus sa dianfheirmeoireacht, rud a mharaíonn neacha a bhíonn de dhíth ar ghráinneoga mar bhia agus ar féidir leis fosta iad a nimhiú go díreach
- bás ar na bóithre



Is fearr leis na gráinneoga imill choillearnaí, fálta sceiche agus gnáthóga bruachbhailteacha áit a mbíonn neart bia ann dóibh. Is dlúthchara leis an gharraíodóir í an ghráinneog. Is iomaí lotnaid gharraí ina n-aiste bia, ina measc slugaí, seilidí agus luchóga.

Déanann gráinneoga geimhriú gach bliain, de ghnáth ó Nollaig go dtí thart ar an Cháisc, ach braitheann sé seo go mór ar an aimsir. De ghnáth, músclaíonn gráinneoga roinnt uaireanta i rith an gheimhridh agus tógann nead nua as duilleoga, cuachta thíos faoi thom nó carnán lomán nó bothán garraí, áit ar bith a thugann tacaíocht agus cosaint.

Lean an nasc seo lena fháil amach má bhíonn gráinneog ar thailte nó i ngarraí do scoilse.

Más rud é go bhfaca tú gráinneoga ar bith ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat is mian leat a roinnt, gabh i dteagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

## Nuacht scoileanna: cailíní as Lismore Comprehensive spreagtha chun rath STEM ag Éicea-Scoileanna



*Thuairiscigh Lismore Comprehensive gur chuidigh Éicea-Scoileanna, atá fite tríd an churaclam acu, le cailíní na scoile bheith gníomhach in ábhair STEM. Ar na mallaibh, bhí an scoil rannpháirteach i gcuid mhór clár STEM a dhírigh ar Éicea-Fheasacht taobh istigh den churaclam agus le linn cláir iarscoile fosta.*

*"Mar mhúinteoir eolaíochta, creidim go láidir go bhfuil nasc gan teorainn idir Éicea-Scoileanna agus STEM. Tá an dá rud do-scartha, pósadh idir glaise agus eolaíocht, mata agus teicneolaíocht. Tá sé ríthábhachtach go spreagtar cailíní inár bpobal i dtreo na ngnéithe sin. Ba straitéis éifeachtach é an t-oideachas timpeallachta trí churaclam STEM chun cosc a chur ar ár gcailíní titim amach as an chóras scolaíochta go luath agus gan croí-ábhair STEM a ghlacadh roimh an tríú leibhéal." Olivia Smith, Múinteoir Eolaíochta, Lismore Comprehensive.*

Sa phictiúr: Anna Kubiak ó Lismore Comprehensive lena 'Tionscadal Uisce Domhanda' a bhain amach Gradam Círín Airgid ag Comórtas Nuálaithe Óga Sentinus i Meitheamh 2015.

# Nuacht ár gComhpháirtithe Seachadta:

## Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrna agus an Dúin


DUAISEANNA
BUAITEOIR IOMLÁN: KINDLE FIRE HD
DARA hÁIT: DEARBHÁN BRONNTANAIS AR FIÚ £50 É

Seoladh Chomórtas Póstaer Timpeallachta faoi choinne Scoileanna:
Thig le daltaí Rang 6 agus 7 agus Blianta 8,9 agus 10 sna Meánscoileanna sa cheantar cur isteach ar chomórtas le teacht ar thrí phóstaer déag a bhfuil "téama timpeallachta" acu le dul ar Fhéilire Timpeallachta 2016 na Comhairle. Seo an tríú heagrán déag den fhéilire atá á fhoilsiú ó bhí 2004 ann. Tá duaiseanna iontacha le baint. **Dáta druidte, an 16 Deireadh Fómhair 2015**. Le tuilleadh eolais a fháil, gabh i dteagmháil go díreach leis an Chomhairle ar ghuthán: 0300 013 2233 nó cuir rí-omhphost chuig patrick.mcshane@nmandd.org.

## Comhairle Buirge na hArda agus Thuaisceart an Dúin

Tá dáta le haghaidh cruinniú cnuasghrúpa fógartha. Buail isteach chun ionadaithe do Chomhairle, foireann Éicea-Scoileanna agus Scoileanna eile a fheiceáil agus labhairt leo agus eolas a fháil ar chlár Éicea-Scoileanna ag **Pailliún Pháirc Dhoire, Baile Nua na hArda: Déardaoin an 22 Deireadh Fómhair 3i.n - 4.30i.n.** Déan teagmháil le hEmma Adair le haghaidh tuilleadh eolais emma.adair@ardsandnorthdown.gov.uk.

# Comórtas Póstaeir Uisce TÉ



Cuirimid cuireadh ort a bheith páirteach i gComórtas Póstaeir Bliantúil Uisce TÉ. Seachadann Uisce TÉ uisce glan sábháilte inólta díreach isteach inár dtithe ach, ar an drochuair, ní hamhlaidh ar chor ar bith atá cás roinnt daoine ar fud an domhain. Maireann 650 milliún duine gan uisce sábháilte, agus iad ag siúl le huisce salach a bhailiú ó linn nó ó loch agus a iompar ar ais chuig a dteaghlach. Is í aidhm an chomórtais tábhacht an uisce ghlain shábháilte don bheatha a léiriú. Fócas an chomórtais ná póstaer a dhearadh le comparáid a léiriú idir uisce glan sábháilte a bheith againn in Éirinn agus gan uisce glan sábháilte a bheith acu i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha. Tá an comórtas oscailte do dhaltaí EC2 i ngach bunscoil i dTuaisceart Éireann agus tá rannóg ann fosta do Scoileanna Speisialta. Duaiseanna an-mhaith ar fáil. Dáta druidte 2 Márta 2016. Le níos mó eolais a fháil, dean teagmháil le foireann oideachais Uisce TÉ ag education@niwater.com.

## Nuacht eile: Cruinniú d'Oibritheoirí Náisiúnta Éicea-Scoileanna

Roghnaigh an Fhondúireacht um Oideachais Timpeallachta (FOT) Tuaisceart Éireann do Chomhdháil Náisiúnta Oibritheoirí Éicea-Scoileanna i Samhain 2015 agus tiocfaidh ionadaithe ó FOT agus ó 59 tír ar fud an domhain go Tuaisceart Éireann chun dea-chleachtas a roinnt agus forbairt leanúnach Éicea-Scoileanna ar mhaithe leis an óige agus lena dtimpeallacht go domhanda a phlé. Mar aoi-náisiún, cuirfimid ar fáil fosta do chuairteoirí eispéireas cultúrtha saibhir agus fáilteach agus sárthaispeántas den obair iontach atá idir lámha i scoileanna Thuaisceart Éireann. Is iomaí Éicea-Scoil iontach againn i dTuaisceart Éireann ar chóir dúinn bheith bródúil astu agus táimid ag súil le sárthaispeántas d'obair inár scoileanna a léiriú dár n-aíonna ó gach cearn den domhan.

## Gradaim do Mhúinteoir Glas na Bliana

Is dócha go mbeidh sibhse a bhfuil eolas agaibh ar Ghradaim Mhúinteoir Glas na Bliana ag smaoineamh libh féin 'cár imigh siad an Fómhar seo?' Ná bíodh eagla oraibh - tá Gradaim Mhúinteoir Glas na Bliana anois faoi choimirce Éicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful. Bogfar iad chuig am nua i dtéarmaí an Éarraigh / an tSamhraidh. Coinnigh súil anseo agus ar an suíomh gréasáin s'againn www.eco-schoolsni.org. le tuilleadh eolais a fháil in 2016.

## Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

Tá Éicea-Scoileanna á reáchtáil i dTuaisceart Éireann ag an charthanacht timpeallachta Keep Northern Ireland Beautiful. Seo a leanas na scéalta is deireanaí faoi na tionscadail eile ón eagraíocht s'againn -



### Geallann Mark H Durkan tacaíocht do *Live Here Love Here*.

Bhí lúcháir ar fhoireann Keep Northern Ireland Beautiful bheith páirteach i nglantóireacht Thrá na Cúile Móire an mhí seo agus bhuail siad leis an Aire Comhshaoil, Mark H Durkan, Gheall sé tacú leis an fheachtas Live Here Love Here a spreagann gach duine chun na muinchillí a chornadh agus grá a léiriú don áit ina gcónaíonn siad trí ghlanadh, ghlasú agus gléasadh. Le tuilleadh eolais a fháil ar dhóigheanna le bheith páirteach agus chun do thacaíocht a léiriú, gabh chuig an suíomh gréasáin www.loveherelivehere.org.



### Mórghlantóireacht Whitehouse Lagoon.

Bhí áthas ar Keep Northern Ireland Beautiful tacaíocht a thabhairt do mhór-ghlantóireacht ar na mallaibh ag Whitehouse Lagoon mar chuid den fheachtas *Live Here Love Here*. D'eagraigh Rosie Watkins, oibrí díograiseach deonach, an mhórghlantóireacht agus le blianta tá sí ag spreagadh grúpaí ón chlub óige áitiúil agus grúpaí pobail le haire a thabhairt don mhurlach, áit a ritheann Glas na mBradán amach i Loch Lao. Tá láthair fhoscúil an tsuímh ina thearmann ag éanlaith mhara agus tá sí á bainistiú ag an Chumann Ríoga um Chosaint Éan.

Tháinig an grúpa le chéile i ndiaidh an láin mhara agus bhí iontas an domhain orthu a raibh fágtha ar an trá a fheiceáil. Bhailigh siad 40 mála bruscair, ina measc 2 bhonn, a lán adhmad meaisínithe agus folcadán! Bhí aimsir bhreá ann agus lean cuid mhór de na hoibrithe deonacha orthu ag obair leo ar feadh dhá uair a chloig eile, rud a dhearbhaíonn go ngineann bailiú an bhruscair andúil nuair a thosaíonn tú. Maith í Róise agus a foireann a léirigh oiread agus is breá leo an áit a bhfuil siad ina gcónaí.



## Deiseanna Maoinithe:
## Tionscadal 'Litter Less' Wrigley

Tugann an Comhlacht Wrigley maoiniú d'Fheachtas Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna Litter Less. Tá an feachtas faoi lán seoil in 31 tír go hidirnáisiúnta agus anuraidh bhí 450,000 duine óg rannpháirteach ann.

Seo an cúigiú bliain a bheidh an feachtas á reáchtáil i dTuaisceart Éireann trí Éicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful. Mar gheall ar an tsuim atá á léiriú san fheachtas, beidh próiseas iarratais in úsáid chun scoileanna a ghearrliostáil.

LITTER LESS CAMPAIGN

Tá 30 áit ar fáil i bhFeachtas Litter Less i mbliana agus maoiniú dar luach £320.00 ar fáil do gach scoil chun feachtas a bhfuil téama bruscair nó dramhaíola leis a chur i bhfeidhm. Beidh an feachtas ar siúl ó Dheireadh Fómhair go hAibreán.

Má roghnaítear thú, beidh tú ag aontú na gníomhartha seo a chomhlíonadh:

- monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn agat ar bhruscar nó ar dhramhaíl sa scoil le linn an tionscadail;
- imeacht pobail a eagrú le d'fheachtais frithbhruscair/dramhaíola a chur chun cinn;
- comhordú le scoil eile, i dtír eile, más féidir, faoi do thionscadal;
- do thorthaí a thuairisciú
- 3 phictiúr agus achoimre bheag ar d'fheachtas a sheoladh isteach;
- páirt a ghlacadh i suirbhé roimhe agus ina dhiaidh ar thuairimí scoláirí ar bhruscar (a thugann Éicea-Scoileanna do na scoileanna a roghnaítear).

Más mian leat bheith páirteach, gabh i dteagmháil le ruth.vanry @keepnorthernirelandbeautiful.org le foirm iarratais a fháil; is gá na foirmeacha a sheoladh ar ais roimh **15 Deireadh Fómhair 2015**.

## Cookstown Textile Recyclers - Cash for Clobber

Is dóigh iontach ag do scoil é 'Cash for Clobber' le lucht Athchúrsála Teicstíle na Coirre Críochaí (CTR) le hairgead a bhailiú le haghaidh tionscadail timpeallachta do scoile. Tabharfaidh CTR airgead ar na héadaí a bhailíonn said, a shórtáiltear uilig go háitiúil agus a sheachadtar ansin chuig tíortha i ndíth nó déantar iad a athchúrsáil ina snáithíní le haghaidh tionsclaíochta. Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir timpeallachta acu agus a mholann Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann. Is iad a thug urraíocht do thopaic na dramhaíola againn le sé bliana anuas. Bíonn comórtas ar siúl acu gach bliain agus duaiseanna iontacha ann do na scoileanna is mó a bhailíonn éadaí in aghaidh an dalta.

Le bailiúchán éadaí 'Cash for Clobber' a eagrú do do scoil, dean teagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó scairt ar 028 9447 8880.

Helping Hand Environmental

## Tabhair 'Lámh Chuidithe' do Keep Northern Ireland Beautiful

Roghnaigh Keep Northern Ireland Beautiful, an carthanas a fheidhmíonn an clár Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann, roghnaigh siad an grúpa Helping Hand Environmental mar a rogha páirtí timpeallachta oifigiúil don bhliain 2015 agus tá súil acu go mbeidh rath ar an chomhpháirtíocht oibre láidrithe le Comhlacht Lámhuirlisí Glanta Bruscair #1 an RA, le linn don charthanas timpeallachta a bheith ag fógairt forbairt chorraitheach ina gcomhpháirtíocht – piocaire bruscair saincheaptha! Is féidir le scoileanna na piocairí nua bruscair a cheannach mar chuid den Fhoirm Ordaithe oifigiúil atá ag Keep Northern Ireland Beautiful i gcomhar le Helping Hand Environmental. Tugann an scéim deis do scoileanna trealamh glanta bruscair a cheannach agus airgead a bhailiú do Keep Northern Ireland Beautiful gach uair a luann siad KNIBGROUP nuair a chuireann siad ordú isteach chuig Helping Hand Environmental.

Déan teagmháil linn ag:
Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Teil: 028 9073 6920
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cásanna staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, amharc ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**